



IRISH UNIVERSITIES ACT, 1908
ACHT CHOLÁISTE PHRÍOMH-SCOILE NA GAILLIMHE, 1929
UNIVERSITIES ACT, 1997

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

REACTH CCCLXII



National University of Ireland, Galway/*Ollscoil na hÉireann, Gaillimh*

STATUTE CCCLXII/*REACTH CCCLXII*

WE, Údarás na hOllscoile of National University of Ireland, Galway, under and by virtue of the powers in that behalf conferred on us by the above Acts, DO by this present instrument under the Seal of National University of Ireland, Galway, make the Statute contained in the Schedule hereto for the general government of the said University./*Faoi agus de bhua na gcumhacht sin a bheirtear dúinn ag na hAchtanna thuasluaite, déanaimidne, Údarás na hOllscoile ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, tríd an ionstraim seo faoi Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an Reacht atá sa Sceideal seo thíos chun rialú ginearálta na hOllscoile sin.*

Given under the Common Seal of National University of Ireland, Galway, this twenty-seventy Day of April, Two Thousand and Eighteen./*Arna thabhairt faoi Ghnáth-Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an fiche seachtú lá seo d'Aibreán, Dhá Mhíle agus a h-Ocht Déag.*

Present when the Common Seal of National University of Ireland, Galway, was affixed hereto:

I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, dó seo:

L.S.

Ciarán Ó hÓgartaigh, *Uachtarán*
Gearóid Ó Conluain, *Rúnaí*

Schedule – STATUTE CCCLXII/*Sceideal* – *REACTH CCCLXII*

All previous Statutes of National University of Ireland, Galway, shall be read and construed with the alterations, additions and modifications hereinafter set forth./*Déanfar Reachtanna uile Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, roimhe seo a léamh agus a fhorléiriú maille leis na hathruithe, na breisithe agus na modhnuithe atá leagtha amach ina dhiaidh seo thíos.*

CHAPTER I

COLLEGES

Statute CCCV is hereby amended by the substitution of the following sections for Section 1 of Chapter I, Section 2 of Chapter II and Sections 1 and 2 of Chapter III thereof:

1. There are hereby established in the University the following Colleges:

The College of Arts, Social Sciences and Celtic Studies
The College of Business, Public Policy and Law
The College of Medicine, Nursing and Health Sciences.
The College of Science and Engineering

2. Each of the foregoing Colleges shall comprise Schools as set out in Chapter II of this Statute.

CHAPTER II

SCHOOLS

1. The aforesaid Colleges shall comprise Schools as follows:

The College of Arts, Social Sciences and Celtic Studies

The School of Education
The School of Geography and Archaeology
The School of Humanities
The School of Languages, Literatures and Cultures
The School of Political Science and Sociology
The School of Psychology

The College of Business, Public Policy and Law

The J.E. Cairnes School of Business and Economics
The School of Law
Shannon College of Hotel Management

The College of Medicine, Nursing and Health Sciences

The School of Health Sciences
The School of Medicine
The School of Nursing and Midwifery



The College of Science and Engineering

The School of Chemistry
The School of Computer Science
The School of Engineering
The School of Mathematics, Statistics and Applied Mathematics
The School of Natural Sciences
The School of Physics

2. The distribution of the disciplines in each of the said Colleges between the aforesaid Schools and the membership of the said Schools shall be as set out in Regulation from time to time.

CHAPTER III

DEAN

1. Each of the aforesaid Colleges shall have a Dean as executive officer, who shall be responsible to the President for the academic and administrative affairs of the College, in accordance with the policy of the University and following due consultation with the Heads of the Schools of the College and the Registrar and Deputy President.
2. The Dean shall be appointed by the President for a four-year term, following adoption by Údarás na hOllscoile of the report of an Interview Board established for that purpose. On completion of the four-year term, the appointee term can be extended for a further period of four years on the recommendation of the President and the approval of Údarás na hOllscoile.

CHAPTER IV

HEAD OF SCHOOL

1. Each of the aforesaid Schools shall have a Head, who shall be appointed in a manner to be set out in Regulation.
2. The Head of the School shall be responsible to the Dean of the relevant College for the academic and administrative affairs of the School, in accordance with the policy of the University and following due consultation with the members of the School. The roles and responsibilities of the Head of School to be set out in Regulation.
3. All members of the academic staff of the School shall carry out their teaching and other duties under the direction of the Head of the School. All members of the technical, administrative, and ancillary staff allocated to the School by the College, shall carry out their duties under the direction of the Head of the School. Notwithstanding and without prejudice to the foregoing, each School may adopt such additional internal operational arrangements as may be deemed appropriate by the School.
4. The Head of the School shall carry out the duties of the Head of School under the direction of the Dean of the relevant College.



CHAPTER V

1. The following provisions of previous Statutes and Regulations are hereby revoked:

Statute XVII - Chapter XI
Statute XCIX - Chapter I
Statute CLI - Chapter I
Statute CCXXXIII - Chapter I
Statute CCXXXIX - Chapter I
Statute CCXL - Chapter I
Statute CCXLII - Chapter I
Statute CCLX - Chapter I
Statute CCLXXXIII - Chapters II and III

Regulation 1/89 – Chapter I and II
Regulation 1/90 – Chapter I
Regulation 2/90 – Chapter I
Regulation 3/90 – Chapter I
Regulation 1/2001 – Chapter I.

2. All references to ‘Faculty’ or ‘Faculties’ in Statutes CCIII, CCLV, CCLXIX, CCLXXXIV, CCLXXXV, CLXXXVIII, CCXC, CCXCIII and CCXCVI shall be construed as references to ‘College’ or ‘Colleges’, respectively.
3. All references to ‘Department’ or ‘Head of Department’ in all previous Statutes or Regulations shall be construed as references to ‘School’ or ‘Head of School’, respectively.

CHAPTER VI

1. Nothing herein contained shall affect any appointment made, right acquired or act done under any previous Statute of the University.
2. This Statute shall come into operation on the twenty-seventh day of April, Two Thousand and Eighteen, and may be cited as Statute CCCLXII, National University of Ireland, Galway, or Stat. CCCLXII, Nat. Univ. of I., Galway.

Present when the Common
Seal of National University of
Ireland, Galway, was affixed hereto:

L.S.

Ciarán Ó hÓgartaigh, *Uachtarán*
Gearóid Ó Conluain, *Rúnaí*

CAIBIDIL I

COLÁISTÍ

Déanfar Reacht CCCV a leasú leis seo trí na hAilt seo a leanas a chur in ionad Alt 1 de Chaibidil I, Alt 2 de Chaibidil II, agus Ailt 1 agus 2 de Chaibidil III ansin:

1. Bunaítear leis seo san Ollscoil na Coláistí seo a leanas:

Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh
Coláiste an Ghnó, an Bheartais Phoiblí agus an Dlí
Coláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte.
Coláiste na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta

2. Cuimseoidh gach ceann de na Coláistí réamhráite Scoileanna de réir mar atá leagtha amach i gCaibidil II den Reacht seo.

CAIBIDIL II

SCOILEANNA

1. Cuimseoidh na Coláistí réamhráite Scoileanna mar leanas:

Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh

Scoil an Oideachais
Scoil na Tíreolaíochta agus na Seandálaíochta
Scoil na nDaonnachtaí
Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr
Scoil na hEolaíochta Polaitiúla agus Socheolaíochta
Scoil na Síceolaíochta

Coláiste an Ghnó, an Bheartais Phoiblí agus an Dlí

Scoil Ghnó agus Eacnamaíochta J.E. Cairnes
Scoil an Dlí
Coláiste Ósta na Sionnaine

Coláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte

Scoil na nEolaíochtaí Sláinte
Scoil an Leighis
Scoil an Altranais agus an Chnáimhseachais



Coláiste na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta

Scoil na Ceimice
Scoil Eolaíocht na Ríomhaireachta
Scoil na hInnealtóireachta
Scoil na Matamaitice, na Staitistice agus na Matamaitice Feidhmí
Scoil na nEolaíochtaí Aiceanta
Scoil na Fisice

2. Beidh dáileadh na ndisciplíní i ngach ceann de na Coláistí sin idir na Scoileanna réamhráite agus ballraíocht na Scoileanna sin de réir mar a leagfar amach i Rialachán ó am go chéile.

CAIBIDIL III

DEÁNACH

1. Beidh mar oifigeach feidhmiúcháin ag gach ceann de na Coláistí réamhráite Deánach, a bheidh freagrach don Uachtarán i leith ghnóthaí acadúla agus riaracháin an Choláiste, de réir pholasaí na hOllscoile agus tar éis dó/di dul i gcomhairle go cuí le Cinn na Scoileanna de chuid an Choláiste agus leis an Mheabhránaí agus Uachtarán Ionaid.
2. Ceapfar an Deánach ag an Uachtarán le haghaidh téarma ceithre bliana, tar éis d'Údarás na hOllscoile glacadh le tuarascáil ón mBord Agallaimh a bhunófar chuige sin. Ag deireadh na tréimhse ceithre bliana sin is féidir, ar mholadh an Uachtaráin agus faomhadh Údarás na hOllscoile dá réir, tréimhse breise ceithre bliana a chur leis an gceapachán sin.

CAIBIDIL IV

CEANN SCOILE

1. Beidh ag gach ceann de na Scoileanna réamhráite Ceann, a cheapfar ar mhodh a leagfar amach i Rialachán.
2. Beidh Ceann na Scoile freagrach do Dheánach an Choláiste iomchuí i leith ghnóthaí acadúla agus riaracháin na Scoile, de réir pholasaí na hOllscoile agus tar éis dó/di dul i gcomhairle go cuí le baill na Scoile. Leagfar amach Rialachán i leith ról agus freagrachtaí Cheann na Scoile.
3. Comhlíonfaidh na comhaltaí uile d'fhoireann acadúil na Scoile a gcuid dualgais teagaisc agus eile faoi stiúráil Cheann na Scoile. Comhlíonfaidh na comhaltaí uile den fhoireann theicniúil, riaracháin, agus sheirbhíse, leithroinnta ar an Scoil ag an gColáiste, a gcuid dualgais faoi stiúráil Cheann na Scoile. Ainneoin agus gan dochar dá bhfuil réamhráite, féadfaidh gach Scoil glacadh le cibé socruithe breise oibríochta inmheánacha a mheasfaidh an Scoil is iomchuí.
4. Comhlíonfaidh Ceann na Scoile dualgais Cheann na Scoile faoi stiúráil Dheánach an Choláiste iomchuí.



CAIBIDIL V

1. Déantar na forálacha seo a leanas de Reachtanna agus Rialacháin roimhe seo a aisghairm leis seo:

Reacht XVII - Caibidil XI
Reacht XCIX - Caibidil I
Reacht CLI - Caibidil I
Reacht CCXXXIII - Caibidil I
Reacht CCXXXIX - Caibidil I
Reacht CCXL - Caibidil I
Reacht CCXLII - Caibidil I
Reacht CCLX - Caibidil I
Reacht CCLXXXIII - Caibidlí II agus III

Rialachán 1/89 – Caibidlí I agus II
Rialachán 1/90 – Caibidil I
Rialachán 2/90 – Caibidil I
Rialachán 3/90 – Caibidil I
Rialachán 1/2001 – Caibidil I.

2. Déanfar na tagairtí uile do ‘Dhámh’ nó ‘Dhámha’ i Reachtanna CCIII, CCLV, CCLXIX, CCLXXXIV, CCLXXXV, CLXXXVIII, CCXC, CCXCIII agus CCXCVI a fhorléiriú mar thagairtí do ‘Choláiste’ nó ‘Choláistí’, faoi seach.
3. Déanfar taigairtí de ‘Roinn’ nó do ‘Cheann Roinne’ sna Reachtanna nó Rialacháin uile roimhe seo a fhorléiriú mar thagairtí do ‘Scoil’ nó do Cheann Scoile’, faoi seach.

CAIBIDIL VI

1. Ní dhéanfaidh aon ní anseo difear d’aon cheapachán a rinneadh, d’aon cheart a fuarthas ná d’aon ghníomh a rinneadh faoi aon Reacht den Ollscoil roimhe seo.
2. Tiocfaidh an Reacht seo i ngníomh ar an fiche seachtú lá d’Aibreán, Dhá Mhíle agus a hOcht Déag, agus féadfar Reacht CCCLXII, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a ghairm de, nó R. CCCLXII, O. na hÉ., Gaillimh.

I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-
Shéala Ollscoil na hÉireann,
Gaillimh, dó seo:

L.S.

Ciarán Ó hÓgartaigh, *Uachtarán*
Gearóid Ó Conluain, *Rúnaí*